

Comhaltacht PhD le grúpa taighde Gaois

Is grúpa taighde é Gaois in Fiontar & Scoil na Gaeilge i nDámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, DCU, a bhfuil léachtóirí, taighdeoirí agus mic léinn iarchéime páirteach ann. Tá sé de mhisean ag Gaois acmhainní iontaofa nuálaíochta a fhorbairt chun teanga agus saíocht na Gaeilge a chothú agus a chlaochlú.

Tá sé i gceist ag Gaois comhaltacht PhD 4 bliana a bhronnadh ar iarrthóir cáilithe a thabharfadh faoi thaighde dochtúireachta a bhaineann le ceann de réimsí taighde bhaill foirne an ghrúpa. Dlúthchuid de mhisean acadúil Gaois is ea an taighde agus an nuálaíocht acadúil. Is féidir teacht ar phróifíl agus réimsí taighde bhaill foirne uile Gaois ag an nasc seo a leanas: <https://www.gaois.ie/ga/about/team/> Tá liosta de phríomhréimsí taighde Gaois ar fáil ag bun na cáipéise seo, chomh maith.

Na Comhaltachtaí:

Beidh luach €20,000 (stipinn) *per annum* ag gabháil leis na comhaltachtaí agus clúdófar na táillí clárúcháin bliantúla go ceann tréimhse 4 bliana ar chuntar go ndéanfaidh iarrthóirí an dul chun cinn acadúil riachtanach ó bhliain go chéile. Beidh an t-iarrthóir a n-éiríonn leo comhaltacht a bhaint amach cláraithe le haghaidh PhD le Fiontar & Scoil na Gaeilge agus déanfar an taighde faoi stiúir léachtóirí na Scoile. Lonnófar iarrthóirí ag stáisiún oibre in oifig chúí sa Scoil agus beidh fáil acu ar ríomhaire agus ar acmhainní agus seirbhísí taighde iarchéime na hOllsoile. Beidh iarrthóirí faoi réir Rialacháin Acadúla um Iarchéimeanna Taighde na hOllscoile maidir le gach gné dá gclár taighde.

Cáilíochtaí Riachtanacha:

Ní mór cáilíochtaí sa réimse cuí a bheith ag iarratasóirí le haghaidh an chláir PhD de réir mar atá leagtha amach i Rialacháin Acadúla um Iarchéimeanna Taighde na hOllscoile (§3.3):

Bunchéim (Leibhéal 8): Céad Onóracha nó Dara hOnóracha, Grad 1

NÓ

Máistreacht (Leibhéal 9): Céad Onóracha nó Dara hOnóracha

An Próiseas Iarratais:

Ní mór do dhaoine ar suim leo na comhaltachtaí iarratas a réiteach ina mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh: (1) CV (nach faide ná trí leathanach) ina mbeidh cur síos ar a dtaithe acadúil go dtí seo; (2) liosta d'aon fhoilseacháin/imeachtaí acadúla a raibh baint acu leo ó bhain siad a gcéim acadúil amach; (3) cur síos ar thogra taighde (gan dul thar 1,000 focal) a bhfuil suim acu tabhairt faoi. Níor mhór go dtiocfadh an togra sin le raon sainchumas taighde na mball foirne in Gaois. D'fhéadfadh agallaimh a bheith i gceist mar chuid den phróiseas iarratais. Ba chóir d'iarrthóirí iarratas leictreonach a chur ar aghaidh chuig gaois@dcu.ie faoi **Dé hAoine 28 Iúil 2023**. Moltar go láidir d'iarrthóirí féideartha dul i dteagmháil le foireann acadúil Gaois lena smaointe taighde a phlé go neamhfhoirmiúil ar dtús. Is féidir cruinniú a eagrú ach nóta chur chuig gaois@dcu.ie agus an togra nó an réimse taighe a bhfuil spéis agat ann a lua.

Tá réimse leathan ábhair spéise ag baill foirne Gaois. D'fhéadfaí taighde a bhunú ar cheann ar bith de na hábhair atá luaite sa liosta thíos:

- an téarmeolaíocht (mar shampla, úsáid na téarmaíochta, ionphlandú téarmaí, téarmaí mar ghné den teanga, an tsochthearmeolaíocht...)
- an ainmeolaíocht (sloinnte, logainmneacha, mionlogainmneacha...)
- an fhoclóireacht
- an béaloideas (taighde ar cheantar nó ar bhailitheoir, nó taighde corpais ar an mbéaloideas...)
- na daonnachtaí digiteacha
- an bheathaisnéisíocht (cur leis na beathaí in Ainm.ie, nó iad a cheistiú...)
- an teangeolaíocht chorpais (ag úsáid agus ag forbairt Corpas.ie)
- an sluafhoinsiú (mar shampla, Meitheal Dúchas.ie, Meitheal Logainm.ie...)
- an fhoghraíocht
- an fhóineolaíocht
- an fhrásaíocht
- acmhainní gréasáin (An Gréasán Séimeantach, Sonraí Nasctha, RDF...)
- bunachair léacsacha
- an teicneolaíocht teanga (mar shampla, Próiseáil Teanga Nádúrtha...)

Féadfaidh iarratasóirí gné ar bith den phróiseas a fhiosrú ach ríomhpost a chur chuig gaois@dcu.ie.